**B1 Topaic 1**

**03 Tíortha agus Náisiúntachtaí**

**Labhairt**

3

## 03 Tíortha agus Náisiúntachtaí

**Le múineadh:**

- Ag cur ceiste faoi náisiúntacht agus ag freagairt na ceiste sin.

4

## Náisiúntacht

- Is as an Pholainn é.
- Is as Contae Mhaigh Eo mé.

5

## Náisiúntacht

- An féidir leat an cheist chuí a chumadh do na habairtí sin.
- **Is as an Pholainn é.**
- **Is as Contae Mhaigh Eo mé.**

6

## Náisiúntacht

- Is as an Pholainn é.
- **Cé as Sheáin, a Phóil?**
- Is as Contae Mhaigh Eo mé.
- **Cé as duit a Phóil?**

7

## Náisiúntacht

- **Cé as** duit a Phóil?
- **Cé as** Siobhán, a Sheáin?
- **Is as** an Pholainn é.
- **Is as** Contae Mhaigh Eo mé.
- **An as** an Pholainn tú?
- **Is ea/ní hea**

8

©GaeilgegoDeo 2025

## Náisiúntacht

- **Anois, cum cúpla ceist cosúil lena samplaí sin.**

9

## Bileog

## Tíortha

10

## Tíortha

- Féach ar na tíortha thíos. An bhfuil a fhios agat cad is brí leo?
- Má tá páirtí agat bí ag obair leis agus déanaigí iarracht an duine ón tír a scríobh.
- Pléigh na freagraí ar dtús le bheith cinnte go bhfuil gach tír ar eolas agaibh, ansin scríobh an duine ón tír sin i nGaeilge.
- Tá an chéad cheann déanta daoibh.

11

## Tíortha

| | |
|---|---|
| An Iodáil | An Phortaingéil |
| An Spáinn | An Rúis |
| An Fhrainc | An Astráil |
| An Bheilg | An Afraic |
| An Ollainn | An tSín |
| An tSualainn | An tSeapáin |
| An Iorua | Sasana |
| An Pholainn | Meiriceá |
| An Ghréig | |

12

## Freagraí

| | |
|---|---|
| An Iodáil | **Iodálach** |
| An Spáinn | **Spáinneach** |
| An Fhrainc | **Francach** |
| An Bheilg | **Beilgeach** |
| An Ollainn | **Ollannach** |
| An tSualainn | **Sualannach** |

13

## Freagraí

| | |
|---|---|
| An Iorua | **Ioruach** |
| An Pholainn | **Polannach** |
| An Ghréig | **Gréagach** |
| An Phortaingéil | **Portaingéalach** |
| An Rúis | **Rúiseach** |
| An Astráil | **Astrálach** |

14

©GaeilgegoDeo 2025

## Freagraí

| | |
|---|---|
| An Afraic | **Afracach** |
| An tSín | **Síneach** |
| An tSeapáin | **Seapánach** |
| Sasana | **Sasanach** |
| Meiriceá | **Meiriceánach** |

15

## ? ? ? ?



- Cén dóigh a bhfoghlaimíonn tú féin focail úra?
- Tóg tamall agus dean machnamh ar an dóigh a bhfoghlaimíonn tú stór focal.
- An bhfuil an stíl chéanna ag do pháirtí?



16

## Tíortha

- An bhfuil na focail thuas (na tíortha) **baininscneach** nó **firinscneach**?
- Bíonn na tíortha **baininscneach** de ghnáth (seachas Sasana, Meiriceá agus Ceanada).

17

## Cluiche 20 Ceist

- Beidh tú féin agus do pháirtí ag imirt cluiche ar nós 20 ceist.
- Beidh sibh ag úsáid na gceisteanna seo le linn an chluiche.

18

## Cluiche 20 Ceist

- ***An Sasanach tú?***
- ***Is ea/Ní hea***

- ***An as an Spáinn tú?***
- ***Is ea/Ní hea***

- ***An as an Danmhairg tú?***

- ***An Sualannach tú?***

19

## Cluiche 20 Ceist


- **Níl** cead acu ach na freagraí '**Is ea/Ní hea**' a thabhairt.
- Scríobh ainm tíre ar phíosa páipéir ach ná taispeáin é don duine in aice leat.
- Bí ag obair le chéile agus bain úsáid as na ceisteanna thuas go dtí go roghnaíonn sibh an tír gurb as an duine eile.

20

©GaeilgegoDeo 2025

## Bileog

## Cártaí poist



21

## Cártaí Poist

- Bí ag obair le d pháirtí.
- Beidh sibh ag léamh na gcártaí poist le chéile agus beidh sibh ag glacadh sealanna na cártaí a léamh amach os ard.
- Is é atá scríofa ar na cártaí ná cur síos iontach gairid ar thréith faoi leith tíre nó an chúis go bhfuil an tír áirithe sin clúiteach.
- Caithfidh sibh tomhas cad iad na tíortha atá i gceist.

22

## Cártaí Poist

- Féachaigí ar na cártaí poist thíos agus scríobhaigí an tír a bhfuil na cártaí ag tagairt di, dar libh.

23

Is tír an-tábhachtach
í san Eoraip go
polaitiúil, ach is tír
bheag í.

24

Tá a lán daoine ón tír
seo in Éirinn faoi
láthair. Is tír
Chaitliceach í.

25

Téann a lán daoine óga
go dtí an tír seo ar
feadh bliain nó dhó.
Bíonn an aimsir te.

26

©GaeilgegoDeo 2025

Tá clú agus cáil ar an tír seo as bia blasta agus an fíon is fearr ar domhan.

27

## Cártaí Poist - Freagraí

**An Bheilg**

Is tír an-tábhachtach i san Eoraip go polaitiúil, ach is tír bheag í.

**An Pholainn**

Tá a lán daoine ón tír seo in Éirinn faoi láthair. Is tír Chaitliceach í.

**An Fhrainc**

Tá clú agus cáil ar an tír seo as bia blasta agus an fíon is fearr ar domhan.

**An Astráil**

Téann a lán daoine óga go dtí an tír seo ar feadh bliain nó dhó. Bíonn an aimsir te.

28

## Cártaí Poist

- Cad a shíleann sibh faoi Éirinn?
- An bhfuil clú agus cáil orainn as aon rud faoi leith?

29

## Cártaí Poist

- Scríobh féin agus do pháirtí cúpla abairt ag déanamh cur síos ar Éirinn.
- Scríobh ar an chárta poist folamh ag bun an leathanaigh.
- Tá cúpla focal thíos le cuidiú libh.

- An litríocht
- Guinness
- Daoine cairdiúla
- Saibhir
- Ceol agus craic

30

## Cártaí Poist

- Scríobh féin agus do pháirtí cúpla abairt ag déanamh cur síos ar Éirinn.
- Scríobh ar an chárta poist folamh ag bun an leathanaigh.
- Tá cúpla focal thíos le cuidiú libh.

- An litríocht
- Guinness
- Daoine cairdiúla
- Saibhir
- Ceol agus craic

31

©GaeilgegoDeo 2025